

Eleathanach2017

Dé Luain 25 Bealtaine 2015

Reifrinn

Bhí dhá reifreann ar súil sa tír an tseachtain seo caite. Bíonn reifreann ar siúl nuair a bhíonn athrú á mholadh maidir le Bunreacht na hÉireann. Vótáil an-chuid daoine sna reifrinn.

Bhí cead ag daoine os cionn ocht mbliana déag vótáil sna reifrinn agus chaith 60% de na daoine seo vóta. Bhí áthas ar an Uachtarán, Míchéal D. Ó hUiginn, gur chaith beagnach dhá mhiliún duine vóta sna reifrinn.

Dé Sathairn, ar fud na tíre, bhí daoine ag obair go dian ag comhaireamh na vótaí. Bhí slua ollmhór i gCaisleán Bhaile Átha Cliath nuair a léigh Ríona Ní Fhlanghaile an toradh amach. Maidir le comhionannas pósta, d'aontaigh 62% de na vótálaithe leis an rún.

Maidir le haois an uachtaráin, níor aontaigh 73% de na vótálaithe leis an rún chun an aois a ísliú go 21 bliain d'aois. Mar sin, níl cead ag duine faoi 35 bliain d'aois bheith ina uachtarán sa tír seo.



Slua ollmhór i gCaisleán Bhaile Átha Cliath

Cúrsaí Spóirt: CLG

Lean Craobhchomórtas Sinsear na hÉireann sa pheil ag an deireadh seachtaine. Dé Domhnaigh bhí cluiche ann idir Ros Comáin agus Londain. Bhuaigh Ros Comáin an cluiche sin. Bhuaigh Muineachán i gcoinne an Chábháin.

San iománaíocht, ní raibh an t-ádh ar fhoireann an Chláir. Bhuaigh Luimneach an cluiche le pointe amháin: An Clár 2-15 Luimneach 1-19.

Cúrsaí Spóirt: Leadóg

Thosaigh Craobh Oscailte Leadóige na Fraince ag an deireadh seachtaine. Is comórtas bliantúil é agus bíonn sé ar siúl i Roland Garros in aice le Páras. Imríonn na himreoirí na cluichí leadóige ar chúirteanna cré.

Bhuaigh Roger Federer a chluiche Dé Domhnaigh. Ní raibh sé sásta áfach, mar d'éirigh le buachaill óg dul isteach ar an gcúirt tar éis an chluiche. Rinne sé iarracht féinphic a ghlacadh le Federer.

Scannán eile faoi *Jurassic Park*.

Beidh an scannán *Jurassic World* sna pictiúrlanna go luath. Tá sraith scannán ann faoin bpáirc siamsaíochta ar an oileán *Isla Nublar*. Tá dineasáir sa pháirc siamsaíochta seo agus is cosúil go ndéanann dineasár amháin iarracht éalú sa scannán seo.

Is é seo an ceathrú scannán sa tsraith. Bhí an ceann deireanach, *Jurassic Park III*, sna pictiúrlanna in 2001! Cheap siad go mbeadh an scannán seo críochnaithe in 2005 ach ghlac sé 10 mbliana eile.

Tá cluiche ríomhaire bunaithe ar *Jurassic World* ar fáil freisin. Sa chluiche bíonn ar imreoir an pháirc siamsaíochta a thógáil. Tá an cluiche curtha ar fáil i gomhpháirt le *Legó*.

